SCÉIM FAOISIMH TUILTE RÁTH MEALTAIN

Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara agus leis an Phobal ón Luan 27ú Meán Fómhair 2021 go hAoine 22ú Deireadh Fómhair 2021

Do Thaithí

Is mian linn scéala a fháil uait faoin taithí a bhí agat san am atá caite ar thuilte agus faoi d'eolas áitiúil

D'ábhair Imní

Fáiltímid roimh d'ábhair Imní ar cheisteanna tábhachtacha lena n-áirítear - tionchair agus rioscaí chomhshaoil agus éiceolaíocha

Do Smaointe

B'fhéidir go mbeadh smaointe, agat a thiocfadh leat a roinnt linn

Do Bharúlacha

Trí éisteacht le gach páirtí leasmhar, tig linn scéim rathúil faoisimh tuilte a thógáil le chéile.

Léigh faoin scéim agus cuir isteach do bharúlacha ar líne ó: 27/9/2021 - 22/10/2021

FOGHLAIM
https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/

TABHAIR BARÚIL
https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/project-info/public-engagement/

Cad chuige scéim faoisimh tuilte?

Is é feidhm **Scéim Faoisimh Tuilte** tionchar tuilte a laghdú agus pobal Ráth Mealtain a chosaint ar theagmhais tuilte amach anseo. Is é an aidhm scéim a chur ar fáil atá inghlactha go teicniúil, sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de.

Tá **ByrneLooby**, Comhairleoirí Innealtóireachta agus Comhshaoil ceaptha ag Comhairle Contae Dhún na nGall leis an Scéim Faoisimh Tuilte mholta a dhearadh agus a fheidhmiú.

Beidh Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair i bpáirt le hOifig na nOibreacha Poiblí leis an tionscadal a sheachadadh.

Ó **Luan 27 Meán Fómhair go hAoine 22ú Deireadh Fómhair 2021,** beimid ag bailiú aiseolais ón phobal ar líne, faoi bhur dtaithí ar thuilte i gceantar na scéime, le cois smaointe agus roghanna ar bhearta féideartha faoisimh tuilte.

Cuirimid fáilte roimh **bhur mbarúlacha** ar rioscaí, srianta agus ceisteanna féideartha comhshaoil taobh istigh den Limistéar Staidéir. Is luachmhar linn bhur mbarúlacha ar fheidhmiú réiteach.

Is tábhachtach linn bhur mbarúlacha; cuidíonn siad linn léargas a fháil ar bhur n-eispéiris, eolas áitiúil agus tuiscint, ar cuidiú iad le *Scéim Rathúil Faoisimh Tuilte* a sheachadadh.

RAMELTON FLOOD RELIEF SCHEME
Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works
ARCADIS BYRNELOOBY



AN LIMISTÉAR STAIDÉIR

Glac páirt

Tá do chuid Aiseolais Tábhachtach
Tá cuireadh ar an phobal i gcoitinne agus ar gach páirtí leasmhar a mbarúlacha a thabhairt ar an limistéar staidéir ar líne. Tapaigh an deis **páirt a ghlacadh** i luathchéimeanna na Scéime Faoisimh Tuilte do Ráth Mealtain.

Gach barúil a fhaightear mar fhreagairt d'ócáid chomhairliúcháin phoiblí, cuirfidh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Oifig na nOibreacha Poiblí san áireamh iad.

Is cuid dár staidéir innealtóireachta agus chomhshaoil iad bhur mbarúlacha le linn Chéim 1 de **Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain.**

Is luachmhar linn bhur gcuid ama agus táimid buíoch as bhur n-ionchur.

Cad é a Tharlóidh Anois?

Scrúdaigh an Limistéar Staidéir thuas agus logáil ar **https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/** agus cuir do bharúlacha in iúl tríd an cheistneoir a chomhlánú agus a sheoladh ar ais **faoi 22ú Deireadh Fómhair 2021.**

Is féidir gach ceistneoir comhlánaithe, fiosrú agus barúil a bhaineann leis an tionscadal seo a sheoladh chuig seoladh acu seo a leanas:

R-PHOST: RameltonFRS@ByrneLooby.com

POST: Bainisteoir Tionscadail SCT Ráth Mealtain
ByrneLooby
Foirgneamh 2100 Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

GLAOIGH AR: +353 (0) 21 240 7988

LOGÁIL AR AN CHOMHAIRLIÚCHÁN PHOIBLÍ: Ó Luan 27/09/21 go hAoine 22/10/21
https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/project-info/public-engagement/

TABHAIR CUAIRT FAOI CHOINNE UASDÁTUITHE:
https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/

Freedom of Information
Eolas ar bith a thugtar, beidh sé faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Beidh faisnéis phearsanta faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus ní nochtfar í.

RAMELTON FLOOD RELIEF SCHEME | Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 | OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works | ARCADIS | BYRNELOOBY